



MIONTUAIRISCÍ

an chruinniú an 16 Márta 2022, 13.45-15.45

An Bhruiséil

Seomra SPAAK 1A2 (agus rannpháirtíocht chianda)

Cuireadh tús leis an gcruinniú ar 13.50 Dé Céadaoin, 16 Márta 2022, agus ba é Guy VERHOFSTADT (Cathaoirleach) a bhí sa chathaoir.

(Sruthú gréasáin)

1. Glacadh an chláir oibre Dréachtchlár Oibre (2022)0316_1_EN

Glacadh an clár oibre mar a moladh.

2. Fógraí an Chathaoirligh

D'fhógair an Cathaoirleach na hathruithe seo a leanas i dToscaireacht PE 108: D'fhág Nicolas BAY an Grúpa ID agus tháinig Thierry MARIANI ina áit. D'fhág Salima YENBOU an grúpa Les Verts/ALE. Tá a suíochán sa Toscaireacht folamh faoi láthair agus leanfaidh sé a bheith mar sin go dtí go dtabharfaidh Comhdháil na nUachtarán dá haire an Comhalta de chuid an ghrúpa Les Verts/ALE a thiocfaidh ina háit.

Chuir an Cathaoirleach na Comhaltaí ar an eolas maidir leis an Staidéar atá curtha i gcrích ag Parlaimint na hEorpa maidir le moltaí ó na saoránaigh, staidéar atá dréachtaithe ag Ard-Stiúrthóireachtaí EPRS, IPOL agus EXPO. Do Phainéil 4, scaipeadh an chuid is mó de na doiciméid faisnéise, a bhaineann leis an Imirce agus leis an Aontas sa Domhan Mór, ar na Comhaltaí. Ba chóir go mbeadh an staidéar

críochnaithe réidh lena dháileadh ar an toscaireacht ar fad roimh dheireadh na seachtaine. Do Phainéil 1, nár chríochnaigh a chuid oibre ach le déanaí, is é an aidhm atá ag na seirbhísí ná faisnéis a roinnt roimh an Suí Iomlánach ag deireadh na seachtaine seo chugainn.

Thug an Cathaoirleach an t-eolas is déanaí do na Comhaltaí faoin bhféilire oibre:

Beidh an chéad Suí Iomlánach eile ag deireadh mhí an Mhárta tiomanta do chruinnithe na Meithleacha Oibre Dé hAoine, 25 Márta agus tabharfaidh Cathaoirligh na Meithleacha Oibre cuntas don Suí Iomlánach Dé Sáthairn, 26 Márta.

Ina dhiaidh sin, beidh cuma chomhchosúil ag an gcéad Suí Iomlánach de mhí Aibreáin agus don dara Suí Iomlánach de mhí Aibreáin, beidh gá leis na tograí comhdhlúithe a d'eisigh na Meithleacha Oibre a fhorghas.

Labhair Pedro SILVA PEREIRA chun an imeacht clabhsúir a bheidh ar siúl an 9 Bealtaine a fhiosrú. Chuir an Cathaoirleach in iúl do na Comhaltaí go mbeidh cur i láthair de chonclúidí na Comhdhála in Strasbourg ar siúl ar an lá sin i láthair Uachtaráin na trí institiúidí, ach tá modúlachtaí maidir le láithreach Chomhaltaí Chruinniú Iomlánach na Comhdhála agus saoránaigh (fisiciúil agus/nó cianda) fós le cinneadh.

3. Formheas dhréacht-mhiontuairiscí chruinnithe an 12 Eanáir, an 9 Feabhra agus an 2 Márta 2022

Formheas dhréacht-mhiontuairiscí chruinnithe an 12 Eanáir, an 9 Feabhra agus an 2 Márta 2022

4. Cur i láthair ar staid an phlé i Meithleacha a bhaineann leis an Suí Iomlánach

Malartú tuairimí

Chuir an Cathaoirleach tús leis an bpointe.

Chuir naoi gComhordaitheoirí PE staid na himeartha i láthair ina Meithleacha a bhaineann leis an Suí Iomlánach féin, san ord seo a leanas. D'fhógair an Cathaoirleach go dtionólfadh sé cruinniú leis na Comhordaitheoirí díreach i ndiaidh an chruinnithe Toscaireachta seo maidir le féilire na Comhdhála agus modhanna oibre.

Meitheal um an Imirce: Marc ANGEL (S&D)

Meitheal um Gheilleagar Níos Láidre, um Cheartas Sóisialta agus um Phoist: Gabriele BISCHOFF (S&D) (in ionad Iratxe GARCIA PEREZ).

Meitheal um Oideachas, Cultúr, Óige agus Spórt: Laurence FARRENG (RE)

Meitheal um Chlaochlú Digiteach: Assita KANKO (ECR)

Meitheal um Dhaonlathas Eorpach: Paulo RANGEL (PPE) (in ionad Manfred WEBER)

Meitheal um Luachanna agus um Chearta, um an Smacht Reachta, agus um an tSlándáil: Daniel FREUND (Les Verts/ALE)

Meitheal um an Athrú Aeráide agus um an gComhshaol: Esther DE LANGE (PPE)

Meitheal um Shláinte: Radka MAXOVA (S&D)

Meitheal um an Eoraip sa Domhan Mór: Włodzimierz CIMOSZEWICZ (S&D) (in ionad Andrius KUBILIUS, PPE).

5. Malartú tuairimí agus formhuiniú an ráitis chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa agus ó thoscaireachtaí na bParlaimintí Náisiúnta

Malartú tuairimí

Chuir an Cathaoirleach tús leis an bpointe. Ar bhonn réamhphlé a tionóladh idir Chomhaltaí agus Breathnóirí PE ar an mBord Feidhmiúcháin, mhol sé eilimintí breise a bheidh le haontú sa pháipéar deiridh.

Labhair na Comhaltaí seo a leanas: Gabriele Bischoff; Maite Pagazaurtundúa; Daniel Freund; Mara Bizzotto; Zdzisław Krasnodbski; Dimitrios Papadimoulis;

D'ardaigh Pedro Silva Pereira pointe oird maidir leis an dréacht-ráiteas, ag fiosrú an nós imeachta chun an leagan deiridh a ghlacadh.

Chuir an Cathaoirleach in iúl do na Comhaltaí go ndéanfaí an ráiteas comhpháirteach a ghlacadh go foirmiúil i gcruinniú comhpháirteach leis na parlaimintí náisiúnta, sceidealaithe don 24 Márta. Ar bhonn na n-ionchur ó Chomhaltaí le linn an chruinnithe thug sé dá aire roinnt nithe breise a bhí le caibidil leis na parlaimintí náisiúnta agus mhol sé go ndéanfadh Comhaltaí agus Breathnóirí PE ar an mBord Feidhmiúcháin, ina ndéantar gach grúpa a ionadú, an seasamh a chur i gcrích thar ceann Parlaimint na hEorpa, d'fhonn teacht ar théacs atá tacaithé ag grúpaí a chuimsíonn formhór na toscaireachta. Níor chuir aon duine i gcoinne na dtograí seo.

Thug an Cathaoirleach an pointe chun críche.

6. Malartú tuairimí maidir leis an obair leantach ar an gComhdháil

Malartú tuairimí

Chuir an Cathaoirleach tús leis an bpointe. Mhol sé go ndéanfadh grúpaí polaitiúla rún a chur síos sa Suí Iomlánach le linn an chéad seachtain de mhí na Bealtaine chun dearcadh na Parlaiminte maidir leis an obair leantach ar an gComhdháil a chur in iúl.

Labhair na Comhaltaí seo a leanas: Gabriele Bischoff; Pascal Durand; Damian Boeselager; Roman Haider; Margarita de la Pisa Carrión; Eva Maydell; Helmut Scholz; Pedro Silva Pereira; Maite Pagazaurtundúa; Gunnar Beck; Michiel Hoogeveen, Domènec Ruiz Devesa.

Thug an Cathaoirleach an pointe chun críche, ag tabhairt dá aire an tacaíocht leathan a fuair a thogra chun rún ó Pharlaimint na hEorpa a bheith ullmhaithe ag grúpaí polaitiúla, rún a bhainfidh leis an obair leantach ar an gComhdháil a bheidh le vótáil le linn an chéad seachtain de mhí na Bealtaine, roimh an imeacht clabhsúir a bheidh ar siúl an 9 Bealtaine.

7. Aon ghnó eile

Níor ardaíodh aon phointe.

8. An chéad chruinniú eile

Cruinniú comhpháirteach le Toscaireacht na bParlaimintí Náisiúnta an 24 Márta in Strasbourg

Cuireadh deireadh leis an gcruinniú ar 16.17.

ATTENDANCE LIST

PHYSICALLY PRESENT IN THE ROOM

ANGEL, BECK, BEER, DURAND, GLAVAK, GOZI, HOMS GINEL, HOOGEVEEN,
KARAS, KUBILIUS, MAVRIDES, MURE AN, NEGRESCU, OLIVIER, PEREIRA,
PIETIKÄINEN, PUIGDEMONT I CASAMAJÓ, RANGEL, RUIZ DEVESA, SCHIEDER,
SCHOLZ, SILVA PEREIRA, SOLÉ, UŠAKOVŠ, VERHOFSTADT, WISELER-LIMA

REMOTE PRESENCE

AI-SAHLANI, BARRENA ARZA, BECK, BIZZOTTO, CLUNE, CUTAJAR, FARRENG,
GLAVAK, HÜBNER, HUHTASAARI, KUMPULA-NATRI, LAPORTE, MAVRIDES,
NIENAß, PANZA, RANGEL, SCHEIDER, TOIA, VANA